CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

20 BLIAIN

# Ceiliúrann an Chúirt 20 bliain ó aontachas 10 Stát leis an Aontas Eorpach: Cor Cinniúnach Nua don Eoraip

An 1 Bealtaine 2004, chuaigh 10 mBallstát nua isteach san Aontas Eorpach: Poblacht na Seice, an Eastóin, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, an Ungáir, Málta, an Pholainn, an tSlóvaic agus an tSlóivéin. Ba é sin an méadú aonair ba mhó ó thaobh pobal agus tíortha araon. Ina theannta sin, thug an t-aontachas sin réimse leathan de stair náisiúnta, de chultúir agus de thraidisiúin dhlíthiúla chuig spás coiteann dlíthiúil an Aontais. I bhfianaise mhéid an chomhtháthaithe a bhí bainte amach ag an Aontas Eorpach faoi 2004, ar thaobh amháin, agus an éagsúlacht a léirigh na deich mBallstát nua, ar an taobh eile, ní féidir an iomarca béime a chur ar thábhacht na tréimhse sin. Is cóir a rá gur tráth bunreachtúil a bhí i méadú 2004 ann féin – athrú paraidíme – inar tháinig Oirthear agus Iarthar na hEorpa le chéile mar chomhthionscadal bunreachtúil. Leathnaigh an tAontas Eorpach a chuid luachanna agus a phrionsabail chuig codanna den Eoraip a bhfuil stair an-chasta acu. Cé gur tháinig na 10 mBallstát nua isteach san Aontas le diongbháilteacht agus dóchas ar leith don tsaoirse, don cheartas agus don rathúnas, dhéanfaí tástáil ar an diongbháilteacht sin le dúshláin mhóra.

Is ar dhílseacht agus comhar idir na Ballstát atá an tAontas Eorpach bunaithe, chomh maith le tosaíocht dhlí an Aontais. Aithníonn sé freisin an méid a chuireann éagsúlacht na dtraidisiún náisiúnta leis an gcomhthionscadal. Léiríonn Aithris 6 CAE an mhian chun ‘an dlúthpháirtíocht idir a bpobail a neartú agus a stair, a gcultúr agus a dtraidisiúin á n-urramú acu’.

Déanfaidh an chomhdháil seo ceiliúradh ar chomóradh 20 bliain ó mhéadú 2004, trí bhreathnú ar an méid a chuir sé le tionscadal lánpháirtithe an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn. An bhfuil tionchar aige ar chomhdhlúthú níos mó ar dhlí an Aontais Eorpaigh, chomh maith le rialáil níos mionsonraithe ar roinnt réimsí a thagann faoi inniúlacht an Aontais Eorpaigh? Nó, a mhalairt ar fad, ar chuir sé bacainní nua ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais Eorpaigh? 20 bliain ar an mbóthar, cad iad na ceachtanna atá foghlamtha maidir le leathnú agus le doimhniú an tionscadail lánpháirtithe Eorpaigh? Ar chruthaigh an méadú aonair is mó lena rath agus lena dhúshláin Aontas níos láidre de shaoránaigh Eorpacha?

Chuige sin, scrúdóidh an chomhdháil seo trí thopaic éagsúla.

## An Chéad Seisiún. *Scéal an mhéadaithe aonair ba mhó a rinneadh ar an Aontas Eorpach*

Tar éis titim Bhalla Bheirlín, bhí ropadh gaotha ag séideadh ar fud na hEorpa. Nach mór ar an bpointe, chuir roinnt de na Stáit Thoir agus Theas, go háirithe iad siúd a scaoileadh saor ó ghreim an ollsmachtachais, in iúl go raibh siad ag iarraidh dul isteach sa chómhargadh inmheánach bunaithe ar cheithre shaoirse eacnamaíocha CE agus iomaíocht chóir. In oirchill mhéadú an Aontais Eorpaigh (Comhphobal ag an am) bhunaigh Comhairle Eorpach Chóbanhávan in 1993 critéir áirithe (ar a dtugtar critéir Chóbanhávan) nach mór do Stáit ar mian leo ballraíocht a bhaint amach a chomhlíonadh agus rinne Comhairle Eorpach Mhaidrid iad a neartú in 1995. Cuireadh ceann de na próisis athchóirithe is mó ar bun leis seo – láithreán tógála ollmhór – san Eoraip, ina raibh na Stáit inmhianaithe tiomanta '(1) institiúidí cobhsaí lena ráthaítear an **daonlathas**, **an smacht reachta**, **cearta an duine**, agus lena ráthaítear urraim agus cosaint do **mhionlaigh**; (2) geilleagar margaidh atá feidhmiúil agus an acmhainn chun déileáil le brú **iomaíochta** agus le fórsaí margaidh laistigh den Aontas; (3) an cumas oibleagáidí na ballraíochta a ghlacadh agus a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear aidhmeanna an **aontais pholaitiúil, eacnamaíoch agus airgeadaíochta**' a bhaint amach

Seachas an ollobair reachtach agus institiúideach a rinne na Stáit ionchasacha, bhí bunathrú bunúsach ar mheoin agus ar chultúr na bpobal lena mbaineann ag teastáil ón bpróiseas athchóirithe sin. 20 bliain níos déanaí, i gcás C-896/19, Repubblika, [1] d'aithin an Chúirt Bhreithiúnais an prionsabal gur cheart do Stáit aon aischéimniú a sheachaint maidir le seasamh le luach an smachta reachta. Trí fhéachaint siar ar na 20 bliain anuas, tabharfar aghaidh sa seisiún seo ar na deacrachtaí a bhaineann le méadú 2004 agus ar an méid a chuir na 10 mBallstát nua le forbairt dhlí an Aontais Eorpaigh, rud a leagann béim ar a thábhachtaí atá sé cosaint na gcomhluachanna a chur i gceartlár gach céime den tionscadal um lánpháirtiú Eorpach.

## An Dara Seisiún. *Maidir le comhluachanna Eorpacha*

Breathnóidh an chomhdháil ansin ar an méid a chuir méadú 2004 le forbairt an Aontais Eorpaigh mar 'Aontas luachanna'. Comhroinneann agus cothaíonn gach saoránach Eorpach na luachanna atá in Airteagal 2 CAE mar gur cuid dá n-oidhreacht choiteann iad. Sainítear 'céannacht an Aontais mar

---

[1] Breithiúnas an 20 Aibreán 2021, *Repubblika*, C-896/19, EU:C:2021:311, mír 64.

dhlíchóras coiteann'[2] leis na luachanna sin. Níor tógadh an fhéiniúlacht sin amháin trí eilimintí traidisiúnta atá mar chuid den fhéiniúlacht náisiúnta, amhail teanga, stair agus traidisiún, a ionchorprú sa dhlíchóras sin. Cé gur féidir le hEorpaigh teangacha éagsúla a labhairt, creidimh éagsúla a bheith acu, tuairimí éagsúla a bheith acu maidir le cad is brí le teaghlach, fós féin, tá braistint chomhuintearais ag muintir na hEorpa i gcomhphobal luachanna. Is é an dearcadh coiteann i measc mhuintir na hEorpa nach féidir le tromlach polaitiúil na huaire idirdhealú a dhéanamh i gcoinne mionlach; nach mór dúinn rialtas dlíthe a bheith againn, ní rialtas fear; agus nach mór dúinn réimse féinchinnteachta pearsanta a bheith againn saor ó chur isteach ón bpobal, rud a fhágann go bhfuil an tAontas Eorpach mar atá sa lá atá inniu ann.

Dá bhrí sin, is é cuspóir an dara painéal súil ghéar a chaitheamh ar na luachanna atá in Airteagal 2 trí scrúdú a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas: cad é cineál dlíthiúil na luachanna sin? Cad é an gaol idir na luachanna sin agus prionsabail struchtúracha dhlí an Aontais Eorpaigh amhail prionsabail na tosaíochta, na muiníne frithpháirtí, na héifeachtachta agus an chomhair dhílis? Cén ról atá ag Cúirteanna an Aontais Eorpaigh agus ag na breithiúna náisiúnta maidir leis na luachanna sin a fhorfheidhmiú? An dtugann luachanna deis don éagsúlacht náisiúnta? Conas a idirghníomhaíonn luachanna an Aontais agus an oibleagáid féiniúlacht náisiúnta na mBallstát a urramú lena chéile?

## An Tríú Seisiún. *Rialáil eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh*

Mar a cuireadh i bhfios le critéir Chóbanhávan, b'ionann an comhtháthú eacnamaíoch agus cuspóir agus dúshlán do na Ballstáit nua araon. Bhí na Ballstáit agus an chuid eile den Aontas Eorpach agus comhlíonadh rialachán eacnamaíoch AE fíorthábhachtach chun an lánpháirtiú polaitiúil a chur chun cinn agus bhí gá le leasuithe suntasacha. Ba iad na tairbhí eacnamaíocha agus airgeadais a tháinig as an mballraíocht an fórsa tiomána do go leor de na hathchóirithe sin, ag leibhéil shubstainteacha agus institiúideacha araon. Ar thaobh amháin, bhí ról ríthábhachtach ag cistí an Aontais maidir leis na hathchóirithe sin agus, chun a áirithiú go n-urramaíonn na Ballstáit 'rialacha an chluiche' agus go gcloífidh siad leis an smacht reachta, cuireadh faoi réir sásraí coinníollachta éagsúla iad i réimsí éagsúla den dlí. Ar an taobh eile, b'éigean do na Ballstáit nua dlí na hiomaíochta agus reachtaíocht earnála (go háirithe i dtionscail líonra agus baincéireacht) a chur i bhfeidhm, go minic ar bhealach díláraithe nua-dheartha – mar shampla atá leagtha amach i Rialachán 1/2003 do dhlí na

[2] Breithiúnas an 16 Feabhra 2022, *an Ungair* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-156/21, EU:C:2022:97, mír 232.

hiomaíochta – a thug le tuiscint go dtabharfaí de chumhacht d'údaráis náisiúnta iomaíochta nó rialála nua.

I bhfianaise an chúlra sin, is é is aidhm don tríú seisiún, ina bhfuil trí phríomh-fhothéama, iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar chinntigh dlí an Aontais Eorpaigh comhleanúnachas agus cóineasú le fiche bliain anuas, faoi mhaoirseacht Chúirteanna an Aontais Eorpaigh, geilleagair náisiúnta san Aontas Eorpach agus, go háirithe, sna Ballstáit nua, trí aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas:

- Maidir le cistí an Aontais Eorpaigh, conas a chabhraigh na coinníollacha a ghabhann le deonú cistí struchtúracha chun cóineasú agus dlúthpháirtíocht a bhaint amach idir na Ballstáit nua agus na sean-Ballstáit? Conas a chuir na Ballstáit nua a n-oibleagáid i bhfeidhm maidir leis an gcomhrac i gcoinne na calaoise agus an éillithe?

- Maidir le rialáil eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh, cén tionchar a bhí ag dlí na hiomaíochta agus dlí na státchabhrach maidir le geilleagair na mBallstát nua a thiomáint i dtreo an nuachóirithe agus i dtreo cothrom iomaíochta a bhaint amach laistigh den mhargadh inmheánach? Cad iad na bearta ba ghá a dhéanamh chun údaráis iomaíochta náisiúnta nó rialála atá neamhspleách agus achmhainneacht a chur ar bun? Cad iad na bearta ba ghá a dhéanamh chun údaráis iomaíochta náisiúnta nó rialála atá neamhspleách agus seiftiúil a chur ar bun? Cén éifeacht atá ag athbhreithniú breithiúnach Chúirteanna an Aontais Eorpaigh ar fheidhmiú agus ar chinntí na n-údarás náisiúnta iomaíochta nó rialála?

- Ar leibhéal cothrománach, cén ról a bhí ag Cúirteanna an Aontais Eorpaigh, trí réamhrialuithe nó trí chaingne díreacha (i gcásanna cistiúcháin, iomaíochta agus rialacháin eacnamaíoch), lena chinntiú go n-oibríonn an Coimisiún, na cúirteanna náisiúnta agus na húdaráis rialála náisiúnta le chéile ar bhealach éifeachtach nach sáraíonn a n-inniúlachtaí faoi seach?